



Scéim Teanga 2022 - 2025

Arna ullmhú faoi Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Clár an Ábhair

1. Réamhrá agus Cúlra.....	3
2. Treoirlínte agus an Scéim a Ullmhú.....	3
3. Dáta tosaithe na Scéime.....	3
4. Léargas ar an Chester Beatty.....	4
5. Réimsí Feidhme an Chester Beatty.....	5
6. Comhthéacs na scéime Gaeilge 2022 - 2025.....	6
7. Measúnú ar sheirbhísí Gaeilge.....	6
8. Tiomantas i leith seirbhísí Gaeilge, 2022 - 2025.....	8
9. Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	8
10. Poibliú Scéime Aontaithe.....	8

1. Réamhrá agus Cúlra

Rinneadh an ceathrú scéim seo de chuid Leabharlann Chester Beatty, ar a dtugtar Chester Beatty nó CB ina dhiaidh seo, a ullmhú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Le hAlt 15, foráiltear go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an scéim agus go ndéanfar dréachtscéim nua a ullmhú.

Déantar foráil san Acht go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina leagfar amach na seirbhísí a chuireann siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena áirithiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann Chester Beatty ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ar fáil amhlaidh laistigh de thréimhse ama aontaithe.

2. Treoirínite agus an Scéim a Ullmhú

In Alt 12 den Acht, tá foráil ann go ndéanfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán treoirínite a ullmhú agus a eisiúint chuig comhlachtaí poiblí mar chabhair leis na dréachtscéimeanna a ullmhú. Rinneadh an scéim seo a dhréachtú ag féachaint go cuí do na treoirínite sin.

Aithníonn CB go bhfuil sé de cheart ag bail den phobal gnó a dhéanamh sa teanga is fearr leo agus go ndéanfar an ceart sin a éascú agus iad ag plé linn, bíodh sé sin i mBéarla nó i nGaeilge. Ós rud é gurb í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus gurb í príomhtheanga oifigiúil an stáit í, tá CB tiomanta ó thaobh seirbhísí a chur ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge i gcónaí, agus leibhéal na seirbhísí sin a fheabhsú.

Tá an Scéim seo bunaithe ar gach gealltanais a tugadh in aon scéim roimhe seo a bheith comhlíonta. I gcás go bhfuil gealltanais ann i scéimeanna níos luaithe nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo iad, tá plé déanta ar an ábhar sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Aithnítear agus tuigtear an t-am a chaitheann agus an iarracht a dhéanann gach duine atá páirteach sa phróiseas seo.

3. Dáta tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Beidh an scéim á tosú le héifeacht ón 02.02.2022 agus beidh feidhm aici ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

4. Léargas ar an Chester Beatty

An cur síos atá déanta in Lonely Planet air ná ‘ní hamháin gurb é an músaem is fearr in Éirinn é, ach tá sé ar cheann de na cinn is fearr san Eoraip’. Is é an Chester Beatty príomh-mhúsaem na hÉireann, ina gcuirtear chun cinn an meas agus an tuiscint ar chultúir an domhain. I measc na mbailiúcháin ann tá lámhscríbhinní, leabhair neamhchoitianta agus seoda eile ón Eoraip, ón Meánoirthear, ón Afraic Thuaidh agus ón Áise. Spás tarraingteach fáilteach atá ann, agus tiocfaidh cuairteoirí na hÉireann agus cuairteoirí ó thar lear ar thaispeántais bhuna agus shealadacha, ar chlár foghlama idirchultúrtha agus ar réimse leathan gníomhaíochtaí poiblí do dhaoine ar gach aois agus ó gach cúlra.

Is é ráiteas misin an Chester Beatty ná cúram a dhéanamh de na bailiúcháin atá ann, taighde a dhéanamh orthu, agus iad a roinnt agus a chur chun cinn d’fhonn tuiscint, rannpháirtíocht agus fiosracht a chothú.

Innealtóir mianadóireachta rathúil Meiriceánach a bhí in Sir Alfred Chester Beatty (1875 - 1968), a bhí ar dhuine de na bailitheoirí ba mhó san fhichiú haois, agus an-chara de chuid mhuintir na hÉireann a bhí ann. Cuireadh iontas ar chuid mhór daoine nuair a bhog sé ó Londain in 1950, ach bhí sé i ndiaidh roinnt blianta a chaitheamh agus é imníoch faoin gcaoi a bhféadfadh sé a phaisean príobháideach don bhailiúchán a fhorbairt gur oidhreacht bhuna a bheadh ann. Agus é cinnte go gcuirfí fáilte mhór roimhe, chomh maith leis na tacaíochtaí oifigiúla a bheadh de dhíth air, cheannaigh Beatty suíomh ar Bhóthar Shrewsbury, áit ar thóg sé leabharlann dá bhailiúchán. Osclaíodh go hoifigiúil í an 8 Lúnasa 1953, le haghaidh scoláirí agus cairde dá chuid i dtús báire ach don phobal bliain ina dhiaidh. Bhí an Taoiseach (Éamon de Valera), an tAire Airgeadais (Seán Mac Entee) agus an tAire Gnóthaí Seachtracha (Frank Aiken) i láthair nuair a osclaíodh go hoifigiúil í.

Go gairid tar éis d’oscailt a leabharlainne nua, thosaigh Beatty ag smaoineamh go i gceart an chaoi a bhféadfadh sé a bheith cinnte go mairfeadh an leabharlann tar éis a bháis féin. Ina Uacht, bhunaigh sé Iontaobhas lena chinntiú go bhfanfadh an leabharlann slán, ar mhaithe le náisiún na hÉireann. Nuair a fuair sé bás i 1968, tugadh "Leabharlann Chester Beatty" go foirmiúil do Bhord na nIontaobhaithe. Is é an tIontaobhas a dhéanann an músaem a reáchtáil go dtí an lá atá inniu ann. Níor fhág Beatty ciste dearlaice. Thug sé an bronntanas agus é ar an eolas go mbeadh deontas bliantúil ón Stát ann mar thacaíocht.

In 2018, rinneadh ceiliúradh sa mhúsaem ar 50 bliain de bhronntanas iontach Beatty do mhuintir na hÉireann. Táthar ag leanúint dá mheon go fóill ann, is é sin lena chinntiú go mbeidh na bailiúcháin inrochtana agus tarraingteach le haghaidh cuairteoirí ó gach cearn den domhan. Institiúid Chultúrtha Náisiúnta bhríomhar í, agus bíonn teagmháil ag an Chester Beatty leis na pobail éagsúla in Éirinn, a bhfuil éagsúlacht cultúr iontu. Déanann an músaem teagmháil go gníomhach leis na bailiúcháin nua dár sochaí, leas á bhaint as na bailiúcháin iontacha atá againn iad a léirmhíniú chun sin a bhaint amach.

Ina theannta sin, is leabharlann taighde í freisin an Chester Beatty i gcomhair scoláirí ó gach cearn den domhan.

Tá níos mó ná 6,000 lámhscríbhinn i mbailiúcháin Chester Beatty, idir pháipéar, veilleam agus mheáin eile, mar aon le thart ar 4,000 leabhar fíneálta agus ioncúnabal, agus tá na céadta earra eile ann a bheadh suimiúil don té a bhfuil aige sna san ealaín mhaisitheach. I measc na seod is tábhachtaí atá sa mhúsaem, tá: paipírí bíobalta agus paipírí an Mhanaicéachais, bailiúcháin mhóra lámhscríbhinní Ioslamacha (níos mó ná 300 cóip iomlán nó neamhiomlán den Chórán), agus saothair fealsúnachta, liotúirge agus creidimh spioradálta ón tSín, ón tSeapáin, ó Oirdheisceart na hÁise agus ó chodanna den India nach codanna Ioslamacha iad. I mbailiúcháin na Críostaíochta, tá lámhscríbhinní maisithe ón Éigipt, ón Leiveaint, ón mBiosáint, ó Iarthar na hEorpa, ón Aetóip, ón Rúis agus ón tSeirbia, chomh maith le cartlann spéisiúil doiciméad a bhaineann leis Misin na Críostaíochta chun na hÁise Thoir sa seachtú haois déag agus go luath san ochtú haois déag. I measc na mbailiúcháin Ioslamach tá níos mó ná 2,700 lámhscríbhinn a bhaineann leis an scoláireacht, an dlí Ioslamach, an phaidir agus tráchtairacht ar shaol an Fháidh, an leigheas, an mhatamaitic, an eolaíocht agus leabhair oilithreachta. Chomh maith leo sin, a bhfuil ornáid theibí mar mhaisiú acu, tá coidéacsanna atá maisithe go han-fhíneálta ann ón bPeirs, ón Tuirc agus ó Chúirt na Mógal in India. Is léir go bhfuil ábhar tábhachtach i mbailiúcháin an mhúsaem a bhaineann le stair agus smaoineamh na Críostaíochta, le léann agus spioradáltacht Ioslam, agus le traidisiúin na hÁise Thoir, lena n-áirítear Daochas, Confúiceachas, Búdachas Zen, Búdachas, Jaineachas, Suíceachas agus neart eile. Tá neart saothair ealaíne sa bhailiúchán chomh maith nach bhfuil tréith reiligiúnach go sonrach ag baint leo ach ar áiseanna tábhachtacha iad do stair na scríbhneoireachta agus an leabhair sa Seansaol.

5. Réimsí Feidhme an Chester Beatty

Tá an Chester Beatty ag feidhmiú, den chuid is mó, ar mhúsaem ealaíne, agus tá dhá urlár de ghailearaithe taispeántais ann. Is tríd an ngairdín in aice Chaisleán Bhaile Átha Cliath a théann cuairteoirí isteach sa mhúsaem. Spás nua-aimseartha atá sa halla iontrála a bhfuil díon gloine air a chruthaíonn nasc idir an foirgneamh ón 18ú haois agus gailearaithe taispeántais atá níos nuáí agus a tógadh le sainchuspóir. Ar urlár na talún, is féidir le cuairteoirí taitneamh a bhaint as cur i láthair closamhairc ar shaol Sir Alfred Chester Beatty agus a bhailiúchán iontach ealaíne. Tá léachtlan, bialann agus siopa ar an leibhéal seo chomh maith.

Tá gailearaithe na dtaispeántas suite ar an gcéad urlár agus ar an dara hurlár. Tá leabhair ón seansaol le fáil in *Ealaíona an Leabhair*, lena n-áirítear Dánta Grá Chester Beatty atá cáiliúil ar fud an domhain (c.1160 RCR), Leabhair Éigipteacha na Marbh agus lámhscríbhinní Eorpacha meánaoiseacha atá maisithe go hálainn, chomh maith le agus leabhair chlóite Eorpacha fhíneálta agus sean-mháistirphiontaí. Sa taispeántas, déantar flúirse thraidisiúin lámhscríbhinní Ioslamacha a fhiosrú. Tá maisiúcháin, callagrafaíocht agus ceangail áille ó áiteanna éagsúla sa Mheánoirthear ar taispeánt. I measc na mbuaicphointí ó Oirthear na hÁise, tá ceann de na bailiúcháin is fearr de leabhair séad na Síne ar domhan, scrollaí pictiúr na Seapáine ar a bhfeictear fabhalscéalta agus finscéalta, agus priontaí sómasacha bloic adhmaid. Tá cláir chlosamhairc ann chomh maith sa taispeántas, agus cuidíonn leis an gcuairteoir níos mó a fhoghlaim faoi ealaíona an leabhair ar fud an domhain.

Tá an gailearáí dar teideal *Traidisiúin Naofa* dírithe ar reiligiúin mhóra an domhain lena, n-áirítear Giúdachas, an Chríostaíocht, Ioslam, Búdachas agus Hiondúchas. Tá cláir chlosamhairc ann ina ndéantar an oilithreacht Mhoslamach chun Meice a fhiosrú, chomh maith le saol Chríost agus an Bhúda, agus deasghnátha aistrithe saoil, –breith, pósadh agus bás– i gcórais éagsúla creideamh. I measc na dtaispeántán faoi leith atá sna gailearaithe seo, tá: cóipeanna maisithe den Chórán ón 9ú haois go dtí an 19ú haois AD; paipírí ársa, lena n-áirítear dánta cáiliúla grá na hÉigipte ó thart ar 1100 RCR; agus cuid de na téacsanna is luaithe den Soiscéal agus de théacsanna eile sa Tiomna Nua eile, a théann siar go c.200 AD. Foinse ríthábhachtach is ea bailiúchán Chester Beatty téacsanna ón Tiomna Nua don Luath-Chríostaíocht. Is samplaí iad lámhscríbhinní an Chóráin den Ioslam á léiriú sa challagrafaíocht agus mionghné ornáideach. Tá scrollaí fíneálta agus saothair reiligiúnacha ealaíne eile ar taispeántóir ón tSín, ón tSeapáin, ón Tibéid, ón Áise Theas ón Áise Thoir.

Tá seomra léitheoireachta sa Chester Beatty freisin, chomh maith le bailiúchán mór leabhar tagartha atá ag fás. Is féidir le cuairteoirí (ar gá dóibh iarratas a dhéanamh le ticéad léitheora a fháil i dtús báire) a bheith ag obair sa seomra álainn seo ar an gcéad urlár den Túr Cloig a bhí ann ar dtús. Sa túr sin, tá an tsíleáil bhreá laicearaithe sin sa stíl Shíneach a chruthaigh Beatty sa chéad dul síos dá theach i Londain. Hicks of Dublin a rinne na leabhragáin mhahagaine in 1950.

6. Comhthéacs na scéime Gaeilge 2022 - 2025

Tá an CB tiomanta d’aidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, is é sin go ndéanfar caighdeán agus líon na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge a fheabhsú in imeacht ama.

Tugadh roinnt gealltanais sa chéad scéim, sa dara scéim agus sa tríú scéim a bhí ag an CB chun leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú. Tá achoimre orthu sin i rannán 6 thíos. Sna gealltanais sin, chuathas i ngleic le réimsí éagsúla: comharthaíocht as Gaeilge, foilseacháin, turais, suíomh gréasáin, ríomhphost, fógraí poiblí agus oiliúint foirne chun freastal ar chuirteoirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Is é is cuspóir don cheathrú scéim na seirbhísí sin a chur ar fáil go leanúnach i nGaeilge fad a mhairfidh an scéim seo.

7. Measúnú ar sheirbhísí Gaeilge

Foilseacháin:

- Foilsítear gach Tuarascáil Bhliantúil ag an am céanna ar líne go dátheangach.
- Tá leagan Gaeilge de Threoirleabhar na mBailiúchán ar fáil le híoslódáil ón suíomh gréasáin: <https://chesterbeatty.ie/assets/uploads/2021/12/Scala-CBL-Leabharlann-LowRes.pdf>
- Foilsíodh ‘Plean Straitéiseach 2021-2024’ an mhúsaeim ar líne i bhformáid dhátheangach.

- Chaith foireann an Chester Beatty am ag obair i gcomhar le Mother Tongues ar a leabhrán ‘Language Explorers’ a fhoilsíú, agus tá leagan Gaeilge de ar fáil: <https://discover.mothertongues.ie/shop/books/language-explorers-activity-book/>

Comharthaíocht:

- In 2018, chuir an mhúsaem isteach córas nua treonna ar fud an fhoirgnimh, i gcomhréir leis na Rialacháin de bhun Alt 9 (1) den Acht.

Turais faoi threoir:

- Go dtí timpeall 2017, bhíodh turas treoraithe i nGaeilge sa sceideal uair sa mhí. Bíodh sin mar atá, agus in ainneoin go gcuirtí an turas chun cinn, níor glacadh go forleathan leis, agus tá sé laghdaithe anois nach gcuirtear turais as Gaeilge ar fáil anois nuair a iarrtar iad, ag brath ar threoraí a bhfuil Gaeilge aige a bheith ar fáil (is oibrithe deonacha iad na treoraithe go léir). *Féach an Treoir Dhigiteach don Mhúsaem thíos*

Treoir Dhigiteach don Mhúsaem

- Rinne Chester Beatty aip a fhorbairt in 2019 atá saor in aisce le híoslódáil. Tá turas fuaimne uirthi de na taispeántais i dtrí theanga dhéag, an Ghaeilge san áireamh.

Fógraí ó bhéal:

- Cuireadh fógraí dátheangacha taifeadta béil go mbeadh an foirgneamh ‘ag dúnadh go luath’ i bhfeidhm in 2019. Cuirfear taifeadadh Gaeilge leis an bhfógra uathoibríoch aslonnaithe in 2022.

Láithreán gréasáin:

- Seoladh suíomh gréasáin nua in 2018. Tá na leathanaigh seo a leanas go dátheangach: Tabhair cuairt orainn, Rochtain, Scéal Chester Beatty, Bailiúcháin, Bailiúcháin, na Bailiúcháin a Fhiosrú, Tacaigh Linn, Tacú le Chester Beatty, Fúinn, Ráiteas Misin
- Déanfar rannáin eile a aistriú in 2022: Turais, Turais Fhíorúla 3T, Teaghlaigh, Siopa, Caifé Silk Road

Córais Ríomhaireachta:

- Tá na córais ríomhaireachta sa mhúsaem comhoiriúnach leis an nGaeilge faoi láthair agus beidh aon chórais nua atá a shuiteálfar comhoiriúnach chomh maith. Tá bunachar sonraí bainistíochta Bhailiúcháin Chester Beatty comhoiriúnach leis an nGaeilge.

Oiliúint agus Earcaíocht:

- Tá réimse cúrsaí Gaeilge ar fáil sa mhúsaem agus, ar an gcaoi sin, cuireann an mhúsaem oiliúint ar fáil do bhaill na foirne fáilteachais, do bhaill foirne Seirbhísí do Chuariteoirí agus do bhaill foirne eile.
- Tá eolas ar an nGaeilge liostaithe mar chritéar ‘inmhianaithe’ nuair atá Baill Foirne Seirbhísí do Chuariteoirí á n-earcú.

Painéil eolais:

- Tá gach painéal tosaigh i ngach cuid de Ghailearaithe na dTaispeántas Buan i bhformáid atá dátheangach. Bíonn aon phainéil nua a dhéantar le haghaidh ghailearaithe na dtaispeántas buan dátheangach.

Cuirí:

- Bíonn gach cuireadh a thugtar chuig oscailtí taispeántais i bhformáid dhátheangach.

Ríomhphost:

- Bíonn an séanadh caighdeánach ar gach ríomhphost i bhformáid dhátheangach.

8. Tiomantas i leith seirbhísí Gaeilge, 2022 - 2025

Tá na seirbhísí dátheangacha seo á gcur ar fáil ag an CB don phobal agus tá an CB tiomanta i gcónaí i leith seirbhísí feabhsaithe a fhorbairt i nGaeilge nuair is féidir. Sa scéim 2022-2025 nua seo, leanfaidh an CBL ar aghaidh na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

9. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Stiúrthóir agus an Ceann Oibríochtaí agus Riaracháin sa Chester Beatty athbhreithniú ar fheidhmiú éifeachtach na scéime.

Is é an Ceann Oibríochtaí agus Riaracháin is mó a dhéanfaidh feidhm na monatóireachta ó lá go lá agus a thabharfaidh tuairisc ar chur i bhfeidhm na scéime don Stiúrthóir agus do Bhord na nÍontaobhaithe.

10. Poibliú Scéime Aontaithe

Cuirfear a bhfuil sa scéim seo, chomh maith leis na gealltanais agus na forálacha a leagtar síos inti, ar fáil don phobal i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas:-

- Iad a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí;
- Láithreán gréasáin.

Anuas air sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraimid trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, ar na bealaí a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha atá acu a ngnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, fógraí a thaispeáint sna limistéir fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- tabhairt le fios ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair iad go dátheangach cheana;
- an bhéim chéanna a chur ar ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim aontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.